BAÍ sé thar taomadh an babhta seo: ba é seo an tríú stróc apaipléise a bhuail é. Oíche tar éis oíche, do chuas tharsan dteach (ba la linn na laethanta saoire ón scoil é seo) agus do scrúdíos solas cearnógach na fuinneoige: agus oíche tar éis oíche, do chonaiceas go rabh sí ar lasadh isa chaoi chéanna, go fann agus go cothrom. Dá mbeth sé marbh, a smaoiníos, bheadh an seomra níos dorcha agus d'fheicfinn loinnir na gcoinnle taobh thiar dena dallógaibh, óir baí a fhios agam go gcaithfear dhá choinneal a chur ag cionn an choirp. Ba mhinic do dúirt sé liom: 'is gairid an seal atá fágtha agam issa tsaol seo', agus do shíleas gurbh fhánach a fhocal. Anois baí a fhios agam gurbh fhíor é. Dúras an bhfocal *paralysis* go ciúin liom féin gach aon oíche agus mé ag stánadh suas aran bhfuinneog. Ba ait an focal armo chluasaibh riamh, fearacht an fhocal *gnomon* issan *Euclid* agus an fhocail *simony* issa Teagasc Críostaí.[1] Anois áfach, taibhsigh an focal dom mar a bheth neach mailíseach agus peacúil ann. Cuir sé scéin ionam, acht issan am chéanna santaíos beith níos gaire dhó féachaint ara shaothar marfach.

Baí sean-*Cotter* ina shuí cois tine ag caitheamh gaile nuair a thánas anuas an staighre ag am suipéir. Fad is a bhaí m'aintín ag dáileadh na leite, deir sé, mar do bheadh ag filleadh ar ais ar ráitis éigean a rinne cheanna féin:

> 'Ni hea, ní déarfainn go rabh sé… acht baí rud éigean corr… bhí rud éigean ait faoi. Is é mo thuairimse...'

Bain sé neart gal asa phíopa, gan dabht ag cur eagair ara thuairim ina intinn féin. An seanbhreallaire bambairneach! Nuair a rabh aithne againn ar dtús air baí sé suimiúil go leor, lana chaint fo chamaibh stile agus fon bhraon bhroghach; acht ba ghearr gur éiríos braon dá scéaltaibh síoraí fon tigh stile.

> 'Tá mo léamh féin agamsa aran scéal', a deir sé. Silim gur ceann é seo dena... cásannaibh siúd fo leith... Acht is deacair rá...'

Tosaigh sé ag baint plaiceanna asa phíopa arís gan nochtadh a léimh féin dúinn. Tug m'uncail faoi deara go rabhas ag stánadh agus dúirt liom:

> 'Sea, is amhlaidh go mbeidh brón ort cloisteáil go bhfuil do sheanchara imithe uainn.'
>
> 'Cé?' a deirim.
>
> *'Father Flynn.'*
>
> 'An bhfuil sé básaithe?'
>
> 'D'innis *Mr Cotter* anseo an scéal dúinn anois díreach. Bhí sé ag dul tharsan dteach.'

Bhí a fhios agam go rabhadar go léir ag coimhéad orm, agus mar sin leanas orm ag ithe mar dhea nach rabh suim agam issa scéal. Mínigh m'uncail an gcás don tsean-*Cotter*.

> 'Baí seisean agus an gasúr an-mhór lana chéile. Múin an fear críonna go leor dó, bíodh a fhios agat, agus deirtear go rabh an-chion aige air.
>
> 'Go ndéana Dia trócaire ara anam' ar m'aint go deabhóideach.

Féach an sean-Chotter ormsa ar feadh tamaill. Mothaíos a súile beaga dubha ag breathnú orm acht níor thugas sásamh dhó as amhairc aníos asmo phláta. Fill sé ara phíopa agus issa deireadh caith smugairle go drochbhéasach sa dtine.

‘Níor mhaith liom go rabhadar páistí agamsa’, a dúirt sé, ‘rómhór la fear mar sin.’

‘Céard atá i gceist agat la sin, a Mhister Cotter, a fhiafraigh m’aint.

‘Is éard atá i gceist agam, a dúirt an Sean-Chotter, ‘is dona an rud é do pháistibh. An tuiscint atá agamsa, lig do bhuachaill óg rith agus súgradh la buachaillí dá aois féin, seachas beith... An bhfuil an ceart agam, *Jack*?’

‘Is é an dearcadh céanna agamsa é freisin’, ar m’uncail. Lig dó foghlaim sheasamh an fhóid asa stuaim féin. Is é sin a deirim i gcónaí lasan *Rosicrucian*[2] thall ansin: déan roinnt aclaíochta. Go deimhin féin, nuair a bhíos féin i mo mhalrach, tógas folcadh fuair, geimhreadh agus samhradh. Agus is é sin a sheasas dom anois. Tá an t-oideachas maith go leor ann féin acht... B’fhéidir go mblaise an t-uasal Cotter bolgam den chaorfheoil sin’, a dúirt sé la m’aint mar aguisín.

Arú, ná tabhair domsa é’, a dúirt an sean-Chotter.

Tóg m’aint pláta ón chófra fheola agus cuir aran dtábla é.

‘Acht cén fáth a mheasair nach ndéanann sé maith do pháistibh, a uasail Cotter?’ a fhiafraigh sí.

‘Is dona an rud é do pháistibh’, a dúirt an Seanchotter, ‘mar gheall ara shaonta is atá a n-aigne. Nuair a fheicid páistí rud mar sin, an bhfuil ‘fhios agat, bíonn tionchar aige...

Líonas mo bhéal la leite ar fhaitíos go labhraínn as feirg. An Seanleibide bearránach dearg-shrónach!

Baí sé déanach issan oíche nuair a thiteas i mo chodladh. Cé go rabhas ar buille lasan Seanchotter mar go rabh sé ag tagairt domsa mar a bheth páiste ionam, bhíos domo mhearú féin ag iarraidh dhéanamh adhmaid asa abairtibh neamhchríochnaithibh. I ndorchadas mo sheomra, taibhsigh aghaidh liath mhairbhiteach an phairilisigh. Tarraingíos na pluideanna tharmo cheann agus deineas iarracht smaoineamh aran Nollaig. Lean an aghaidh liath mé áfach. Labhair sí trína fiacla, agus tuigeas gur teastaigh uaithi déanamh faoistine i rud éigean. Airíos m’anam ag cúlú i réigiún dtaitneamhach agus mailíseach; agus baí sí siúd ag fanacht orm ansin freisin. Tosaigh ag déanamh faoistine liom i gcogarnach chainte agus ba iontas liom cúis an mheangadh gáire a dhein sí gan stad liom agus cad ina thaobh taise na liopaí. Ansin áfach, táinig sé chun cuimhne dhom go bhfuair sé bás de phairilis agus samhlaíos go rabhas féin ag déanamh gáire fann freisin, mar do bheinn ag tabhairt apsalóide don tsíomóntaí ina pheaca.[3]

Maidin lá arna mhárach tar éis chuid na maidine, chuas soir gosan dteach ar Shráid *Great Britain*.[4] Ba theach neamhphostúil é, cláraithe fon ainm doiléir *Drapery*. Ba iad na hearraí ba mhó sa tsiopa, éadaí nó buataisíní páistí agus scáthanna báistí. De ghnáth, bhíodh fógra crochta suas san fhuinneog la *Umberellas Re-covered* scríofa air. Ní raibh aon fhógra ann anois, mar bhádar na comhlaí tarraingthe anuas arna fuinneogaibh. Bhí crobhaing créipe ceangailte de bhoschrann an dorais la ribín. Bádar beirt bhan bocht ag léamh an chárta a bhaí greamaithe den chréip la biorán. Druideas leis gur léigh:

> *July 1st, 1895*
> *The Revd James Flynn (formerly of*
> *S. Catherine’s Church, Meath Street),*
> *aged sixty-five years.*
> *R.I.P.*

Ní rabh amhras ar bith orm acht go rabh sé marbh tar éis léamh an chárta dhom. Cuir sé sin stop lamo ghiodam, rud a bhain geit bheag asam. Murach go rabh sé básaithe, rachainn sa seomra mbeag ndorcha ar chúl an tsiopa, áit ina mbeadh sé ina shuí cois tine romham agus é nach mór plúchta aga chóta mór. B'fhéidir go mbeadh paicéad *High Toast* faighte agam ó m'aint la tabhairt dó. Mhúsclódh an bronntanas seo é dá thámh mharbhánta codlata. Ba mise a d'fholmhaíodh an bpaicéad ina bhocsa dubh snaoise, mar baí an oiread creatháin ina láimh aigesean is go ndoirtfeadh sé a leath dhe aran n-urlár dá ndéanadh seisean é. Go fiú nuair a chuireadh sé a lámh mhór chreathach lana shrón, shilidís néalta beaga deataigh trína mhéaracha anuas ara chóta. B'fhéidir gurbh iad na ceathanna síoraí snaoise seo ba chúis lasan gcuma nglas dteilgthe ara sheanfheisteas sagairt, mar ba bheag an éifeacht a rabh aga chiarsúr dearg lana shíleadh sé scuabadh na gráinní uaidh, agus an ciarsúr céanna dubhaithe agan tsnaois i gcónaí.

Bhí fonn orm dul isteach do amharc air acht ní rabh sé de mhisneach agam cnagadh aran ndoras. Imíos liom aran taobh ghrianmhar den tsráid agus mé ag léamh na bhfógraí dráma i bhfuinneogaibh na siopaí feadh an bhealaigh. Ba ait liom nach rabhasa ná an lá féin fo bhrón agus cuir sé cantal orm tabhairt fo deara go rabhas go fiú amháin ag blaiseadh na saoirse, mar a mbeinn fuascailte ó rud éigean mar thoradh ara bhás. Bhí iontas orm fo seo, óir faoi mar a dúirt m'uncail liom an oíche roimhe, is mór an méad a mhúin sé dhom. Do bhaí seal caite aige ag staidéar issan ollscoil Éireannach issa Róimh agus do mhúin foghraíocht cheart na Laidine dhom. D'eachtraigh dhom ar chatacómaí agus ar *Napoleon Bonapart*, agus do mhínigh ciall na ndeasghnátha n-éagsúla Aifrinn agus na bhfeisteas n-éagsúil a chaitheas an sagart. Uaireanta, bhaineadh sé sult as cur ceisteanna deacra orm: d'fhiafraíodh díom céard ba chóir do dhuine déanamh i gcás áirithe nó cé dhíobh an rabh peaca fo leith ina pheaca marfach nó ina pheaca solathach, nó arbh é nach rabh ann acht locht beag daonna.[5] Léiríodar a chuid ceisteanna a chasta agus a dhiamhaire is a bhádar roinnt bhun-nósanna na hEaglaise ar chreideas féin riamh roimhe sin gurbh iad na gníomhartha ba éasca. Chonacthas dom go rabhadar dualgais i leith na hEocairiste agus i leith rúndacht na faoistine chomh tromchúiseach is gurbh iontas é go rabh sé de mhisneach ag duine ar bith tabhairt fúthu; agus ní rabh ionadh ar bith orm nuair a dúirt sé liom go rabhadar leabhair scríofa ag bunaitheoiribh na hEaglaise a bhaí chomh tiubh la hEolaire Oifig an Phosta agus a rabh an cló iontu chomh beag la fógraí dlí sa pháipéar nuachta, ina gcuirtear na ceisteanna seo ina suí. Amanna, d'iarradh sé orm rá roinnt de fhreagraibh an Aifrinn, mar bhádar curtha de ghlanmheabhair agam dó. Sméideadh sé a cheann agus aoibh smaointeach an gháire air fad is a bhídís na freagraí á ríomh agam, agus shacadh gráinní móra snaoise suas gach poll srónach faoi seach ó am go ham. Nuair a dhéanadh sé meangadh gáire, bheidís a chuid fiacla buí á nochtadh agus a theanga ina luí ara liopa íochtair aige. Ba nós é seo a chuir míshuaimhneas orm ar dtús sula rabh aithne mhaith agam air.

Tángadar focail sean-Chotter chun cuimhne dhom agus mé ag siúl fon ghréin agus deineas iarracht cuimhnimh arar tharla ina dhiaidh sin isa bhrionglóid. Ba chuimhin liom gur thugas fo deara cuirtíní fada veilbhite agus lampa ar luascadh a bhaí de stíl seanaimseartha. Baí sé mar do bheinn aran choigríoch i bhfad ó bhaile in áit ina bhfuilid béasa agus bealaí aduaine ag daoinibh – an Pheirs a shíleas… acht ní thiocfadh deireadh na brionglóide chun chuimhne.

An oíche sin, tug m'aint léi go teach an bháis mé. Bhí an ghrian dulta faoi, acht fuinneoga na dtithe lana n-aghaidh siar, bádar ag caitheamh scáil órga de mhúr mór scamall. Cuir Nannie fáilte romhainn sa halla agus, ó ba mhíchuibhiúil é glaoch amach uirthi, croch m'aint lámh léi mar chomhartha ómóis do gach a bhaí istigh ann. Sín an tseanbhean a méar in airde mar a bheth sí ag cur ceiste agus, nuair a sméid m'aint a ceann, chuaigh sí ag dreapadh suas an staighre chaoil go tiarálach. Agus a ceann cromtha síos mar a bhaí, is ar éigean a chuaigh sé thar leibhéal ráille an staighre. Stop sí aran chéad-léibheann cheann staighre agus sméid go spreagúil orainn leanúint ar aghaidh go doras oscailte sheomra an bháis. Chuaigh m'aint agus nuair a chonaic an tseanbhean go raibh drogall orm dul isteach, tosaigh ag sméideadh isteach orm arís agus arís eile lana lámh.

Chuas isteach ar bharraicínibh na gcos. Baí solas órga breacdhorcha ag leathadh tre chiumhais lása na ndallóga agus ba chosúil la lasracha caola báiteacha iad na coinnle ann. Baí sé i gcónra. Tug Nannie sampla dhúinn agus chuamar síos arár nglúine ag bun na leapan. Ligeas orm guí dho dhéanamh acht baí sé fánach orm tabhairt m'aire uirthi mar baí monabhar na seanmhná domo bhuaireamh. Tugas suntas dia amscaí is a bhaí a gúna ceangailte taobh thiar di agus tugas suntas do shálaibh a buataisí a bhádar ídithe síos ar thaobh amháin. Buail an nóisean mé go rabh aoibh an gháire aran tsagart isa chónra.

Ní rabh áfach. Chonaiceas nach rabh aoibh an gháire air nuair a éiríomar aníos do dhruidim la ceann na leapan. Baí sé ina luí ansin go forleitheadach foisteanach agus é feistithe mar do bheth ag dul chun na haltóra, la cailís fostaithe go bog ina lámhaibh móraibh. Aghaidh ghairgeach, liath agus ollmhór a bhaí romhaim, la polláirí dubha cuasacha agus ciorclaithe la clúmh bán scáinte. Baí boladh láidir isa tseomra - na bláthanna.

Coisriceamar sinn féin agus fágamar é. Isa tseomra bheag síos staighre, baí Eliza ina suí romhainn sa chathaoir uillinne dho ngnáthaíodh seisean. Bhraitheas mo shlí romham gosan gcathaoir sa chúinne ina shuínn féin de ghnáth agus siúl Nannie gosan gcár sleasa dho tharraingt amach crúsca *sherry* agus roinnt fíonghloinní. Leag sí aran mbord iad agus tug cuireadh dhúinn gloine beag fíona dho thógáil. Ansin, fo ordú a deirféar, líon sí na gloiní gur sín chugainn iad. Iarr sí orm tógáil roinnt *cream crackers* acht diúltaíos iad óir baí faitíos orm go ndéanfainn an iomarca torainn dá n-ithe. Shílfeá gur chuir m'eiteach pas beag díomá uirthi. Chuaigh sí sall go ciúin gossan dtolg gur suigh síos laistiar dá deirfiúr. Níor labhair aon duine: bámmar go léir ag stánadh romhainn arsan teallach lom.

Fan m'aint ina tost agus lig Eliza osna aisti agus ansin dúirt:

'Á, sea, tá sé dulta go domhan níos fearr.'

Lig Eliza osna eile aisti agus claon a ceann mar chomhartha aontaithe. Méaraigh m'aint cos a fíonghloine agus bain súimín beag as.

'Ar… go suaimhneach?' a fhiafraigh sí.

'Ó, go suaimhneach go leor *ma'am*, ar Eliza. 'Ní aireofá an nóiméad a imigh an dé deiridh as. Baí bás álainn aige, moladh la Dia.'

'Agus gach uile rud…?'

Baí an tAthair O'Rourke isteach leis Dé Máirt agus cuir an n-ola air agus fuair faoi réir é agus gach aon rud.'

'Baí a fhios aige mar sin?'

'Cuir sé a thoil lana chinniúint.'

'Tá cuma sách chaoinfhulangach air', ar m'aint.

> 'Is é sin a dúirt an bhean a fhostaíomar dá níochán. Dúirt sí go rabh cuma chomh síochánta chaoinfhulangach air is go sílfeá nach rabh ann acht go rabh sé ina chodladh. Ní shamhlódh aon duine a áille is do bheth a chorp.'

‘Leoga, ní shamhlódh’, ar m’aint.

Bain sí súimín eile asa gloine agus dúirt:

> ‘Sea, a Mhiss Flynn, ara laghad ar bith, caithfear gur mór an sólás duit é a fhios a bheith agat go ndearnais gach rud a d’fhéadteá déanamh dhó. Dar mo choinsias, bádar an bheirt díobh an-lách leis.’

Slíoc Eliza a gúna thara glúine.

‘Á, James bocht’, a dúirt sí. Ag Dia atá a fhios go ndearnamar ár ndícheall agus a bhoichte is atáimid - níor mhaith linn go mbeth díth ar bith air a fhad is a bhaí sé arsan tsaol seo abhus.’

Do lig Nannie a cinn ar philiúr an tolg agus baí gach dealramh uirthi go rabh sí ag titim ina codladh.

‘Nannie, an créatúr’, ar Eliza agus í ag amhairc uirthi, ‘tá sí traochta. An tiaráil ar fad a bhaí orainn beirt, ag fostú mná chun a níocháin agus ansin baí sé la fáil fo réir agus ansin baí scéal na cónra ann agus b’éigean dúinn socrú an aifrinn isa tséipéal. Murach *Father O’Rourke* níl a fhios agam céard a dhéanfaimís. Is eisean a rug na bláthanna go léir seo gosan dteach, chomh maith lasan dá choinnleoir seo ón tséipéal. Is eisean a scríobh an bhfógra issa *Freeman’s General* agus a réitigh na cáipéisí reilige mar aon la hárachas James boicht.’[6]

‘Nárbh mhaith uaidh é sin?’, ar m’aint.

Dún Eliza a súile agus croith a ceann go mall.

‘Níl cara ar bith ionchurtha la seanchairde’, ar sí, ‘i ndeireadh na dála is iad na seanchairde amháin a dtig leat cur do mhuinín iontu.’

Is fíor duit’, ar m’aint. ‘Anois agus é ar shlí na fírinne, táim cinnte nach ndéanfaidh sé dearmad ar do chineáltas uile leis.’

Á, James bocht’, a deir Eliza. ‘Ba bheag an dua a chuir sé orainn. Ní chloisfeá sa tigh é acht oiread la anois féin. Ara shon sin is uile, tá a fhios agam go bhfuil sé imithe uainn go…’

‘Is agan uair a bheas gach aon rud thart a aireoir uait é’, a deir m’aint.

‘Tá a fhios sin agam’, ar Eliza. ‘Ní bhead ag breith a shúram mairteola chuige go deo arís. Agus tusa, a bhean uasal, ní bheir ag cur a snaoise chuige níos mó. Á, James bocht!’

Stop sí, mar a bheth ag smaoineamh siar arsan saol a bhaí imithe go ndúirt ansin go críonna:

> Mar sin féin, thugas fo deara go rabh rud éigean aisteach ag tuidheacht air issa deireadh. Am ar bith dá dtagainn isteach chuige lana anraith, bhíodh sé caite siar sa chathaoir, a phortús tithe aran urlár agus a bhéal ar oscailt.’[7]

Leag sí méar ara srón agus cruinnigh a malaí: ansin labhair an athuair:

> ‘acht fós deireadh sé i gcónaí go dtabharfadh sé geábh i gcóiste lá breá éigean sula mbeth an samhradh thart, ar chúis ar bith eile acht la feiceáil an tseantí inar rugadh sinn go léir thíos issa Bhaile Ghaelach arís, agus deireadh sé go dtabharfadh sé Nannie agus mise in éineacht leis.’ Dá n-éiríodh Dia linn tuidheacht ar cheann dena cóistibh nua-aimsearthaibh nach

> ndéanaid torainn fonar inis Father O’Rourke dúinn, a deireadh sé. Iad siúd a bhfuilid rothaí *rheumatic* fúthú, acht fáil cinn díbh sin go saor don ló thall i dtigh Johnny Rush do dul anonn ann la chéile, an triúr dínn tráthnóna Domhnaigh éigean. Ní rabh faoi ná thairis acht a dhéanamh… James bocht!’

‘Go ndéana Dia trócaire ara ainm’, ar m’aint.

Tarraing Eliza a ciarsúr uirthi agus cuimil a súile leis. Ansin cuir sí ar ais ina póca agus stán aran tinteán bhfolamh gan focal aisti ar feadh achair fada.

‘Baí sé riamh róchonsiasach, a dúirt sí. Sáraíodar dualgais na sagartachta air. Ansin, d’fhéadfá rá gur tháinig an saol salach air.’

‘Tuigim’, ar m’aint. ‘Ba fhear é a rabh díomá air. Ba léir sin.’

Neadaigh ciúnas isa seomra agus, fo choim an chiúnais seo, chuas i leith an tábla dho bhlaiseadh mo sheirise agus filleas ansin go ciúin armo shuíochán sa chúinne. Baí an chosúlacht ar Eliza go rabh sí ara marana. Fanamar go hurramach lasan n-uain a bhriseadh sí an dtost: agus i ndiaidh ciúnais fada, deir sí:

> ‘An chailís sin a bhris sé… ba é sin an tús. Ar ndóigh, deirid nach ndearnadh aon dochar. Is é sin, nach rabh aon cheo istigh inti. Acht mar sin féin… Deirid gur aran bhuachaill a bhaí an locht. Acht baí James bocht chomh neirbhíseach, go ndéana Dia trócaire air!’

‘Agus arb é sin é?’ a deir m’aint. ‘Chualas rud éigean…’

Sméid Eliza a ceann.

‘Chuaigh sé sin fon n-intinn aige,’ a deir sí. ‘I ndiaidh na heachtra sin, tosaigh sé ag fálróid thart ina chadhan aonraic, gan labhairt lasan nduine mbeo. Is amhlaidh go rabh sé ag teastáil oíche amháin la dul ar cuairt tí acht níor fhéadadar tuidheacht air. Chuadar ara lorg i ngach aon áit acht fós ní rabh tásc ná tuairisc air. Ansin mol an cléireach dhóibh cuardach an tséipéil . Fuaireadar na heochracha agus osclaíodar an séipéal, agus an cléireach agus Father O’Rourke agus sagart eile a bhaí ann, tógadar lóchrann isteach dá chuardach… agus cén bhrí acht baí sé rompu ansin ina shuí ina lándúiseacht leis féin issa dorchadas ina bhocsa faoistine agus é ag gáire go ciúin leis féin.’

Stop sí go tobann mar a bheth ag éisteach. Cuireasa cluas la héisteacht orm freisin acht ní rabh fuaim dá laghad sa tigh: agus baí a fhios agam go rabh an seansagart fós ina luí ina chónra, faoi mar do chonaiceamar é, la cailís díomhaoin ara ucht.

Labhair Eliza an athuair:

> ‘Ina lándúiseacht agus é mar a bheth ag gáire leis féin… agus mar sin nuair a chonaiceadar sin ansin, is é sin a thug an smaoineamh ina gceann go rabh rud éigean ar cearr leis...’

1 ***gnomon* san *Euclid*:** Tuigeann an saol mór is a bhean an fheidhm a bhaintí as clog gréine fadó. An teoiric mhatamaitice ag *Euclid* taobh thiar de *gnomon* ina shraith leabhar, Dúile Geoiméadracha áfach, níl sé de mhisneach ag aistritheoir an scéil seo tabhairt fona mhíniú. Is leor rá, b'fhéidir, go mba choincheap sách diamhair agus dothuigthe i samhlaíocht bhuachaill scoile in aimsir Joyce arbh éigin dó léamh roinnt éigean de thráchtas Eoiclíd mar chuid dá óideachas scoile.

***simony* sa Teagasc Críostaí:** ceannach earraí spioradálta la hearraí saolta – mar shampla, ceannach agus díol maiteachais la hairgead. Eascraíonn an focal as duine i nGniomharthaibh na nAspal issa Tiomna Nua (Gníomhartha, VIII, 9-21). Síomón an Draoi an duine a bhaí i gceist. Tairgeann airgead don apsal Peadair dá mbronna seisean bua na bhfeart air.

2 ***Rosicrucian:*** duine den *Rosicrucian Fellowship*, nó duine a leanas teagasc *Rosicrucianism*. Tá an cumann bunaithe ar leabhar theagasc mistíce la Max Hendel – *Rosicrucian Cosmo-conception* i. Tuiscint Chosmos lucht na Croise Deirge (1908). Baí an cháil ar W.B. Yeats in Éirinn gur lean sé la traidisiún rúndiamhair ársa éigin. Is éard atá i gceist agan uncail la Rosicrucian sa ghearrscéal seo, éan corr de dhuine a bhíos de shíor ara mharana.

3 **síomóntaí ina pheaca:** Is é easpag an t-aon duine ar féidir leis tabhairt apsalóide do shagart i bpeaca na síomóntachta.

4 **Sráid *Great Britain***: Is é Sráid Pharnell an t-ainm atá aran tsráid anois, in ómós don pholaiteoir náisiúnach Éireannach, Charles Stewart Parnell. Tá trácht ar siúd i scéal eile den chnuasacht scéalta seo (Lá an Éidhneáin i Seomra an Chiste).

5 **peaca solathach:** *venial sin.* Murab ionann agus peaca marfach, ní bhriseann sé an gcaidreamh idir an duine agus Dia.

6 ***Freeman's General:*** *Freeman's Journal* a bhaí i gceist ag Eliza. Níos faide anonn sa scéal, deir Eliza '*pneumatic*' in áit '*rheumatic*'. Is páipéar nuachta Átha Cliath é an Freeman's Journal (luaitear é go minic sa chnuasach scéalta seo agus táid nótaí mínithe curtha leis ansin – mar shampla Lá an Éidhneáin i Seomra an Choiste, Grásta agus Na Marbh).

7 **Portús:** leabhar urnaí a léitear ag uaireantaibh áirithibh den ló. Is é *breviary* an focal Anglaise atá air.